**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0136/2024**

7.3.2024

***

# MOLADH

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí, thar ceann an Aontais, idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí adhmaid agus táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach (FLEGT)
(COM(2023)0383 – C9-0035/2024 – 2023/0222(NLE))

An Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

Rapóirtéir: Karin Karlsbro

PR_NLE-AP_Agreement

***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

**CLÁR**

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ..........................................................6

TUAIRIM ÓN GCOISTE UM FHORBAIRT..........................................................7

AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH ..................................................13

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........14

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí, thar ceann an Aontais, idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí adhmaid agus táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach (FLEGT)**
**(COM(2023)0383 – C9-0035/2024 – 2023/0222(NLE))**

**(Toiliú)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle (COM(2023)0383),

– ag féachaint don dréacht-Chomhaontú Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí maidir le foraoisí, rialachas agus trádáil táirgí adhmaid agus díorthaithe chuig an Aontas Eorpach (12902/2023),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 207(3), an chéad fhomhír, Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) agus Airteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0035/2024),

– ag féachaint do rún neamhreachtach uaithi an ... [1] maidir leis an togra le haghaidh cinneadh,

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4), agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhorbairt,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta (A9-0136/2024),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht an Chósta Eabhair.

[1] Téacsanna arna nglacadh an dáta sin, P9_TA(0000)0000.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina freagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

7.12.2023

## TUAIRIM ÓN GCOISTE UM FHORBAIRT

chuig an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí adhmaid agus táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach (FLEGT)
0000/2023 – C9-0000/2023 – 2023/0222(NLE))

Rapóirtéir don tuairim: Carlos Zorrinho

## RÉASÚNÚ GEARR

Chuaigh an Coimisiún i mbun caibidlíochta le Poblacht an Chósta Eabhair in 2013 agus thug sé an chaibidlíocht faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Deonaí (VPA) i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2022.

Tá ceann de na rátaí dífhoraoisithe is airde ar domhan ag an gCósta Eabhair. De réir an Bhainc Dhomhanda, sa bhliain 2020, ní raibh ach 8.9 % (2.8 milliún heicteár) de thalamh an Chósta Eabhair clúdaithe le foraoisí, i gcomparáid le 24.7 % in 1990. I measc na gcúiseanna leis an meath sin tá talmhaíocht fhairsing, trádáil cócó, saothrú foraoisí atá rialaithe go dona chun freastal ar na héilimh ar adhmad agus ar fhuinneamh ó adhmad agus inniúlacht forfheidhmithe dlí na n-údarás poiblí i rialachas foraoise atá lag.

Le déanaí, tá gealltanas tugtha ag rialtas an Chósta Eabhair rialachas foraoise a fheabhsú i gcomhpháirt le gníomhaithe idirnáisiúnta agus áitiúla, chun cumhdach foraoise a mhéadú go 20 % faoi 2030. In 2014, sheol sé an Clár Náisiúnta um an gComhshaol agus um Fhoraoisí, a bhfuil sé mar aidhm leis dífhoraoisiú a laghdú agus cleachtais inbhuanaithe úsáide talún a chur chun cinn. Ina theannta sin, leis an gCód Foraoiseachta nua a glacadh in 2019, cuireadh feabhas suntasach ar reachtaíocht foraoiseachta an Chósta Eabhair. Chuir sé agrafhoraoisí, foraoisí pobail, foraoisí beannaithe leis an liosta rangaithe agus rinne sé an creat dlíthiúil níos rannpháirtí, ag éileamh go mbeadh pobail áitiúla rannpháirteach i dtionscnaimh bainistíochta agus cosanta foraoise.

Cuidíonn an tionscal foraoiseachta go mór fós le geilleagar an Chósta Eabhair agus le slite beatha áitiúla. Mar sin féin, tá cuid mhór de faoi úinéireacht eachtrach agus níltear ar an eolas ach faoi chuid bheag as 40 speiceas foraoise coimhthíoch agus áitiúil a phróiseáiltear agus a onnmhairítear mar adhmad, rud a fhágann go ndéantar róshaothrú ar limistéir foraoise áirithe. Is chuig an Aontas a théann thart ar 50 % d’onnmhairí adhmaid an Chósta Eabhair.

Bhí ról ríthábhachtach gníomhach ag ionadaithe ón rialtas, ón tsochaí shibhialta, ón earnáil phríobháideach agus ó phobail dhúchasacha mar chomhaltaí den Choiste Caibidlíochta Teicniúla i bpróiseas caibidlíochta VPA leis an Aontas, lena n-áirítear i ndearadh treochláir.

Leis an bpróiseas sin, cuireadh comhthéacs níos fabhraí ar fáil chun beartas foraoise a chur chun feidhme ar bhealach níos cuimsithí agus chun córas nua úinéireachta foraoise a chruthú. Is é is aidhm don Chomhaontú dlíthiúlacht a áirithiú in earnáil na foraoiseachta adhmaid ina hiomláine agus i dtrádáil leis an Aontas, agus ag an am céanna tacú le rialtas an Chósta Eabhair bainistiú níos fearr a dhéanamh ar a acmhainní nádúrtha, ina bhfuil ról lárnach ag mná anois, agus an lománaíocht neamhdhleathach a chomhrac.

Beidh cur chun feidhme rathúil VPA ag brath ar thiomantas leanúnach agus ar thoil pholaitiúil an Chósta Eabhair. Ba cheart go neartófaí cúnamh an Aontais chun tacú le cur chun feidhme VPA mar chuid den phróiseas athbhreithnithe ar chlár déthaobhach an Aontais don tréimhse 2025-2027.

******

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, mar an coiste atá freagrach, a mholadh go dtabharfaí formheas don togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí maidir le foraoisí, rialachas agus trádáil adhmaid agus táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach (FLEGT).

## IARSCRÍBHINN: EINTITIS NÓ DAOINE ÓNA BHFUAIR AN RAPÓIRTÉIR DON TUAIRIM IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d’Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

## NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | An Comhaontú Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí adhmaid agus táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach (FLEGT) |
| **Tagairtí** | 2023/0222(NLE) |
| **An Coiste atá Freagrach** | INTA |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Carlos Zorrinho<br>9.10.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 7.12.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 16<br>–: 1<br>0: 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barry Andrews, Hildegard Bentele, Stéphane Bijoux, Mercedes Bresso, Udo Bullmann, Catherine Chabaud, Christophe Clergeau, Charles Goerens, Mónica Silvana González, Pierrette Herzberger-Fofana, György Hölvényi, Erik Marquardt, Eleni Stavrou, Miguel Urbán Crespo, Bernhard Zimniok |
| **Substitutes present for the final vote** | Caroline Roose, Carlos Zorrinho |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach** | Marie Dauchy, Jarosław Duda, Aušra Maldeikienė |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 16 | + |
|---|---|
| ID | Marie Dauchy |
| PPE | Hildegard Bentele, Jarosław Duda, György Hölvényi, Aušra Maldeikienė, Eleni Stavrou |
| Renew | Barry Andrews, Stéphane Bijoux, Catherine Chabaud, Charles Goerens |
| S&D | Mercedes Bresso, Udo Bullmann, Christophe Clergeau, Mónica Silvana González, Carlos Zorrinho |
| The Left | Miguel Urbán Crespo |

| 1 | - |
|---|---|
| ID | Bernhard Zimniok |

| 3 | 0 |
|---|---|
| Verts/ALE | Pierrette Herzberger-Fofana, Erik Marquardt, Caroline Roose |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | An Chomhaontú Comhpháirtíochta Deonaí idir an tAontas Eorpach agus Poblacht an Chósta Eabhair i ndáil le forfheidhmiú an dlí, rialachas agus trádáil i dtaca le foraoisí adhmaid agus táirgí adhmaid chuig an Aontas Eorpach (FLEGT) |
| **Tagairtí** | 12247/2023 – C9-0035/2024 – 2023/0222(NLE) |
| **Dáta an chomhairliúcháin nó na hiarrata ar thoiliú** | 23.2.2024 |
| **An Coiste atá freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | INTA<br>14.3.2024 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | DEVE<br>14.3.2024 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Karin Karlsbro<br>18.9.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 28.11.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 7.3.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 36<br>–: 0<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barry Andrews, Geert Bourgeois, Saskia Bricmont, Jordi Cañas, Danuta Maria Hübner, Karin Karlsbro, Danilo Oscar Lancini, Bernd Lange, Thierry Mariani, Margarida Marques, Emmanuel Maurel, Samira Rafaela, Catharina Rinzema, Inma Rodríguez-Piñero, Helmut Scholz, Kathleen Van Brempt, Marie-Pierre Vedrenne, Jörgen Warborn, Jan Zahradil |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marek Belka, Anna Cavazzini, José Manuel García-Margallo y Marfil, Enikő Győri, Cristina Maestre Martín De Almagro, Javier Moreno Sánchez, Manuela Ripa, Witold Jan Waszczykowski |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach** | Andrea Bocskor, Paola Ghidoni, Ivo Hristov, Virginie Joron, Ska Keller, Dace Melbārde, Wolfram Pirchner, Aušra Seibutytė, Dominik Tarczyński |
| **Dáta don chur síos** | 20.3.2024 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 36 | + |
|---|---|
| ECR | Geert Bourgeois, Dominik Tarczyński, Witold Jan Waszczykowski, Jan Zahradil |
| ID | Paola Ghidoni, Virginie Joron, Danilo Oscar Lancini, Thierry Mariani |
| NI | Andrea Bocskor, Enikő Győri |
| PPE | José Manuel García-Margallo y Marfil, Danuta Maria Hübner, Dace Melbārde, Wolfram Pirchner, Aušra Seibutytė, Jörgen Warborn |
| Renew | Barry Andrews, Jordi Cañas, Karin Karlsbro, Samira Rafaela, Catharina Rinzema, Marie-Pierre Vedrenne |
| S&D | Marek Belka, Ivo Hristov, Bernd Lange, Cristina Maestre Martín De Almagro, Margarida Marques, Javier Moreno Sánchez, Inma Rodríguez-Piñero, Kathleen Van Brempt |
| The Left | Emmanuel Maurel, Helmut Scholz |
| Verts/ALE | Saskia Bricmont, Anna Cavazzini, Ska Keller, Manuela Ripa |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : in favour
- : against
0 : staonadh